AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2025
COM(2025) 498 final/2
Downgraded on 4.11.2025

2025/0279 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe le córais faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an Aontas agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Molann an Coimisiún go leagfaidh an Chomhairle síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), a mhéid a bhaineann le méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe le córais faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an Aontas agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar

Is comhlacht é an Coiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú faoi phointe (o) d'Airteagal 8(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. De bhun phointe (c) d'Airteagal 468(5) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, chomh maith le hAirteagal 14 de Roinn 1 agus Airteagal 7(6) de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar cinntí a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na módúlachtaí airgeadais a bhaineann le malartuithe faisnéise laistigh de chur chun feidhme an Teidil um Iompar de Bhóthar den Chomhaontú Trádála agus Comhair ('an cinneadh atá beartaithe').

2.2. An cinneadh atá beartaithe ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar

Is é príomhchuspóir an chinnidh atá beartaithe méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe leis na córais faisnéise iompair de bhóthar a úsáidtear i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a bhunú, ar córais iad atá á mbainistiú ag an Aontas.

Leagadh amach méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe ón Ríocht Aontaithe leis an modúl dearbhaithe postála iompar de bhóthar de chóras Faisnéise an Aontais maidir leis an Margadh Inmheánach (IMI) i gCinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar[1].

Tá sé beartaithe anois, faoi thogra ar leith le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, úsáid a bhaint as an gClár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) chun faisnéis áirithe a mhalartú dá bhforáiltear i Roinn 1 de Chuid d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Is é an Coimisiún a bhainistíonn ERRU. Bunaíodh ERRU agus an Ríocht Aontaithe fós ina Ballstát den Aontas. Dá bhrí sin, rannchuidigh an Ríocht Aontaithe le costais forbartha ERRU mar Bhallstát den Aontas. Ba cheart don Ríocht Aontaithe, áfach, rannchuidiú le costais bhliantúla oibríochtúla agus chothabhála ERRU, agus úsáid á baint as

[1] Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Samhain 2022 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta a bhaineann leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa chomhar riaracháin faoi Airteagal 6 de Roinn 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe le buiséad ginearálta an Aontais i ndáil leis an gcostas a ghintear ón úsáid a bhaineann sí as IMI, IO L 75, 14.3.2023, lch. 26.

an treoir rannícoca a leagtar amach in Airteagal 714 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ina theannta sin, ba cheart don Ríocht Aontaithe táille rannpháirtíochta a íoc arb ionann í agus 4 % dá ranníocaíocht oibríochtúil agus chothabhála.

Chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus na méideanna atá i gceist a chur san áireamh, moltar go ndéanfar íocaíocht bhliantúil aonair a shonrascadh chuig an Ríocht Aontaithe a chomhfhreagraíonn dá ranníocaíocht bhliantúil le córais TF iompair de bhóthar i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair atá á bhainistiú ag an Aontas, atá comhdhéanta faoi láthair de mhodúl dearbhaithe postála iompar de bhóthar IMI agus ERRU. Is iad módúlachtaí na ranníocaíochta bliantúla aonair le haghaidh IMI agus ERRU araon ábhar an togra seo. Dá bhrí sin, is gá freisin Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a leasú chun módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe a mhéid a bhaineann le modúl poist bóthair IMI a aistriú chuig an gcinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh Cinnidh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, i gcomhréir leis an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis an togra seo.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

An cinneadh a iarrtar ar an gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Is leis an mbeartas iompair a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ba cheart an Cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2025/0279 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe le córais faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an Aontas agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Le hIarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, soláthraítear roinnt cásanna inar gá don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar cinneadh a dhéanamh maidir leis na módúlachtaí malartaithe faisnéise idir údaráis inniúla gach Páirtí i ndáil le hiompar earraí de bhóthar faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

(3) Ar an gcéad dul síos, foráiltear le Roinn 2 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair do chóras malartaithe faisnéise maidir le tiománaithe a phostú in iompar de bhóthar, trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) an Aontais. Is é an Coimisiún Eorpach a bhainistíonn an córas sin, agus leagtar síos módúlachtaí teicniúla an mhalartaithe faisnéise sin i gCinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar[2]. Íocadh ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le costais forbartha an mhodúil dearbhaithe postála iompar de

[2] Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Samhain 2022 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla agus nós imeachta a bhaineann leis an úsáid a bhaineann an Ríocht Aontaithe as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) , rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa chomhar riaracháin faoi Airteagal 6 de Roinn 2 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe le buiséad ginearálta an Aontais i ndáil leis an gcostas a ghintear ón úsáid a bhaineann sí as IMI (IO L 75, 14.3.2023, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/578/oj).

bhóthar de chuid IMI in 2022, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Chinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar.

(4) Ar an dara dul síos, foráiltear le hAirteagal 14 de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go bhfuil na Páirtithe le faisnéis a mhalartú inter alia maidir le sáruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag oibreoirí sa Pháirtí eile. Tá módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise faoi réir seasamh ar leithligh ón Aontas a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2025/XXXX ón gComhairle[3]. Úsáidtear an Clár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU), arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach, chun na críche sin. Ghlac an Ríocht Aontaithe páirt i gcostais forbartha ERRU mar Bhallstát den Aontas.

(5) Foráiltear le hAirteagal 714 den Chomhaontú Trádála agus Comhair nach mór rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais nó i gcodanna díobh a bheith faoi réir ranníocaíocht airgeadais bhliantúil freisin.

(6) Cé go mbaineann módúlachtaí teicniúla an mhalartaithe faisnéise go sonrach le gach córas faisnéise agus, dá bhrí sin, go leagtar síos iad i gcinntí ar leith ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, is iomchuí, i bhfianaise na méideanna teoranta lena mbaineann agus na nósanna imeachta riaracháin is gá chun íocaíochtaí a phróiseáil, ranníocaíocht airgeadais bhliantúil aonair ón Ríocht Aontaithe a bhunú as a rannpháirtíocht i gcórais faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

(7) Le Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, déantar foráil maidir le rannchuidiú sonrach na Ríochta Aontaithe le IMI, is gá, dá bhrí sin, é a leasú.

(8) Chun feidhmiú cuí Theideal I de Cheannteideal a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair a áirithiú, ba cheart don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, dá bhrí sin, an ranníocaíocht bhliantúil atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe le córais faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an Aontas a bhunú.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú le Airteagal 8(1), pointe (o) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), a mhéid a bhaineann le méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe le córais faisnéise iompair de bhóthar arna mbainistiú ag an Aontas agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar,

[3] [Tagairt nuair a fhoilseofar é] Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann le híoscheanglais maidir le cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú (an Ríocht Aontaithe a nascadh le Cláir Eorpacha de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU)

leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá i gceangal gan gá le Cinneadh nua ón gComhairle.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán